




## Dearbhú Cáilíochta



## Cáilíochtaí



CNC



## Aitheantas



## Idirnáisiúnta





## QQI – Cur síos orainn agus ar an obair a dhéanaimid

Is gníomhaireacht Stáit neamhspleách é QQI – Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann atá freagrach as cáilíocht agus cuntasacht a chur chun cinn i seirbhísí oideachais agus oiliúna in Éirinn. Bunaíodh in 2012 é.

### Is é an misean atá againn:

- a chinntiú go ndéantar feabhsú ar cháilíocht an bhreisoideachais, na breisoiliúna, an ardoideachais agus na hardoiliúna in Éirinn, agus soláthróirí a dhearbhú ó thaobh cáilíochta de;
- tacú le córas cáilíochtaí a théann chun tairbhe d'fhoghlaimoírí agus do pháirtithe leasmhara eile, agus an córas sin a chur chun cinn.

### Is é an ról atá againn:

- Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil agus a fhorbairt. Is creat 10 leibhéal é seo maidir le forbairt, aithint agus bronnadh cáilíochtaí in Éirinn;
- cláir a chuirtear ar fáil in éagsúlacht de scoileanna, de choláistí agus d'institiúidí breisoideachais agus ardoideachais a fhaomhadh. Is iad na cáilíochtaí (gradaim QQI) atá liostaithe sa CNC toradh na gclár agus tá siad aitheanta go hidirnáisiúnta;
- cáilíocht na gclár a chuireann scoileanna agus coláistí ar fáil agus a mbíonn cáilíochtaí CNC mar thoradh orthu a rialú agus a chur chun tosaigh ar mhaithe le foghlaimoírí, fostóirí agus páirtithe eile a bhfuil suim acu iontu;
- a chinntiú go mbíonn eispéireas dearfach ar dcháilíochta á sholáthar ag na soláthróirí\* a chuireann cáilíochtaí náisiúnta ar fáil do na foghlaimoírí idirnáisiúnta a thagann chun staidéar a dhéanamh in Éirinn. Déanfaimid sin tríd marc cáilíochta don oideachas idirnáisiúnta darb ainm an IEM (International Education Mark/ Maric Oideachas Idirnáisiúnta)
- comhairle acadúil a sholáthar maidir le haithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn trí sheirbhís darb ainm NARIC Ireland - an tIonad Náisiúnta Faisnéise um Aithint Acadúil.
- an pobal a chur ar an eolas faoi chláir agus cáilíochtaí oideachais agus oiliúna a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe trí bhunachar sonraí de chláir agus trí chlár de sholáthróirí;
- scéim náisiúnta a bhainistiú maidir le dearbhú cáilíochta seirbhísí Béarla (Creidiúnú agus Comhordú Seirbhísí Béarla - ACELS).
- comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoin mbeartas náisiúnta i dtaca le dearbhú cáilíochta agus feabhsú ar oideachas agus oiliúint;

\*Coláiste nó institiúid é soláthróir



QQI

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## QQI - Cur síos orainn agus ar an obair a dhéanaimid

### Rialú

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna sinn. Bímid á rialú ag Bord ar a bhfuil 10 gcomhalta. Is é/í an tAire Oideachais agus Scileanna a cheapann na comhaltaí Boird. Is é an Bord a cheapann an Príomhfheidhmeannach, le cead ón Aire.

### Na páirtithe a mbímid ag obair leo

Bíonn QQI ag obair le heagrais éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta agus le forais a dhéanann ionadaíocht ar sholáthróirí, ina measc:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An tÚdarás um Ardoideachas
- SOLAS - an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
- Boird Oideachais agus Oilíúna na hÉireann
- An Cumann um Ardoideachas Teicneolaíochta
- Cumann Ollscoileanna Éireann
- Cumann na hEorpa um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas
- An Creat Eorpach um Cháilíochtaí
- An Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas
- Dearbhú Cáilíochta Eorpach sa Ghairmoideachas agus sa Ghairmoiliúint
- Líonra na hEorpa d'Ionaid Faisnéise agus an tIonad Náisiúnta Faisnéise um Aithint Acadúil
- MEI - Marketing English in Ireland

Bímid ag obair freisin leis an earnáil dheonach agus phobail, le hearnáil na gcoláistí neamhspleácha, le grúpaí fostóirí agus le grúpaí foghlaimoirí.





QQI

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## Forbhreathnú ar ár seirbhísí



### Dearbhú Cáilíochta

- Treoirínite um dhearbhú cáilíochtaí a fhorbairt
- Gnáthaimh soláthróirí maidir le dearbhú cáilíochta a fhaomhadh
- Cláir a dhearbhú
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthróirí



### Cáilíochtaí

- Caighdeáin le haghaidh oideachais agus oiliúna a shocrú
- Cáilíochtaí a bhronnadh agus teastais a eisiúint
- Rochtain, aistriú agus dul ar aghaidh a éascú
- Cáilíochtaí a aithint



### An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí

- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chothabháil mar chóras trína féidir leibhéil éagsúla cáilíochtaí a chur i gcomparáid lena chéile
- An CNC a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Tacú le cur i bhfeidhm an CNC



### Aitheantas

- Comhairle a thabhairt maidir le haithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn
- Comhairle a thabhairt maidir le cáilíochtaí Éireannacha thar lear



### Oideachas Idirnáisiúnta

- Cód cleachtas a bhunú le haghaidh soláthróirí a thairgeann cúrsaí d'fhoghlaimoirí idirnáisiúnta
- Úsáid an Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM) a údarú: marc cáilíochta don oideachas idirnáisiúnta atá ann



QQI

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## Dearbhú Cáilíochta

### Cad é dearbhú cáilíochta?

San oideachas agus san oiliúint is próiseas leanúnach é dearbhú cáilíochta chun cáilíocht córais oideachais, institiúide nó cláir a mheasúnú. Tá measúnú, monatóireacht, cothabháil agus feabhsú cáilíochta i gceist.

### Cad chuige a bhfuil dearbhú cáilíochta chomh tábhachtach sin?


Téann sé chun leasa do gach duine nuair a chinntítear go bhfuil na híoschaighdeáin atá comhaontaithe go náisiúnta bainte amach ag foghlaimeoirí a bhfuil cáilíochtaí náisiúnta curtha i gcrích acu. Is féidir leis an bpobal a bheith muiníneach as ár gcóras cáilíochtaí agus as na céimithe a thagann as.

### Cad é ról an tsoláthróra?

Tá gach soláthróir freagrach as córais a chur i bhfeidhm chun cáilíocht na gclár oideachais agus oiliúna a chuireann siad ar fáil a dhearbhu agus a fheabhsú. Tá cuir chuige, prionsabail agus treoirínite coitianta ann ar féidir le soláthróirí úsáid a bhaint astu agus a gcórais dearbhú cáilíochta á bhforbairt acu, ach ní mór do gach soláthróir teacht ar an gcóras is fearr a oireann dá n-acmhainní féin agus do riachtanais a bhfoghlaimeoirí.

### Cad é ról QQI?

Tá soláthróirí freagrach as a gcórais inmheánacha dearbhú cáilíochta féin a fhorbairt. Is é QQI an foras seachtrach a chinntíonn go bhfuil a leithéid de chórais i bhfeidhm agus go bhfuil siad éifeachtach. Cuirimid chun cinn cáilíocht na gclár a bhíonn soláthróirí ag cur ar fáil chun cáilíochtaí CNC a bhaint amach agus rialaímid an cháilíocht sin.



## Dearbhú Cáilíochta

### Cad é mar a dhéanaimid athbhreithniú seachtrach ar cháilíocht?

Athbhreithnímid córais dearbhú cáilíochta soláthróirí ar na dóigheanna seo a leanas:

- trí threoiríní dearbhú cáilíochta a eisiúint a chuireann béim ar na réimsí ina mbítear ag súil le polasaithe agus gnáthaimh a bheith i bhfeidhm; agus
- trí mheasúnachtaí rialta a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na soláthróirí ó thaobh cur i bhfeidhm na bpolasaithe agus na ngnáthamh sin.

### Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- socraímid caighdeáin na gcáilíochtaí;
- bailímid sonraí faoi rátaí cur i gcrích cúrsaí ag mic agus iníonacha léinn; agus
- gníomhaímid in éineacht le soláthróirí i dtionscnaimh atá dírithe ar a bheith ag tacú le cláir agus le seirbhísí oideachais.

### Cén cineál soláthróirí a mbíonn QQI ag obair leo?

Chomh maith le coláistí, institiúidí agus ollscoileanna poiblí, táimid freagrach freisin as dearbhú cáilíochta seachtrach cuid de na coláistí príobháideacha a chuireann cláir ar fáil as a mbronntar gradaim QQI. Bíonn scéim náisiúnta á bainistiú againn freisin maidir le dearbhú cáilíochta Scoileanna Béarla.

Caithfidh aon soláthróir ar mian leis clár a rith agus cáilíocht QQI a bhronnadh as dearbhú cáilíochta a fháil uainne ar dtús. Cinntíonn sé sin go bhfuil an t-oideachas nó an oiliúint atá á cur ar fáil ag teacht le caighdeáin náisiúnta.



## Cáilíochtaí

### QQI mar fhoras cáiliúcháin

Is féidir le soláthróirí iarratas a chur isteach chuig QQI lena gcláir oideachais agus oiliúna a fháil faofa sa chaoi gur cáilíocht náisiúnta (gradam QQI) a bheidh mar thoradh orthu. Dearbhú cláir a thugtar ar an bpróiseas seo. Tá polasaithe agus treoir curtha ar fáil againn do sholáthróirí maidir leis an dóigh le clár a fháil dearbhaithe.



QQI AWARD

### Cad é Gradam QQI?

Is cáilíocht é Gradam QQI a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe agus a bhronntar as breisoideachas, breisoiliúint, ardoideachas nó ardoiliúint in Éirinn. Tá Gradam QQI tagtha isteach in áit an deimhniúcháin a bhíodh ar fáil roimhe seo trí FETAC agus HETAC\*. Faigheann foghlaimeoirí gradam QQI nuair a chuireann siad cúrsa i gcrích go rathúil ag leibhéal ar bith de na 10 leibhéal den Chreat Náisiúnta Cáilíochta (CNC). Tá cáilíochtaí á bhforbairt ag QQI freisin le haghaidh cláir sa Bhéarla.

**Mórghradam** – cáilíocht a léiríonn go bhfuil réimse leathan scileanna bainte amach ag duine i ndiaidh dó nó di staidéar a dhéanamh ar chuid mhór ábhair éagsúla, de ghnáth. Is samplaí iad teastas leibhéal 5 agus céim an bhaitsiléara in CNC de mhórghradaim a bhfuil cur amach go forleathan orthu.

**Gradam nach mórghradam é** – cáilíocht a léiríonn go bhfuil scileanna áirithe bainte amach ag duine atá úsáideach le haghaidh tasc nó gníomhaíocht oibre ar leith. Is féidir gradaim nach mórghradaim iad a úsáid, ar dhóigh sholúbtha, chun mórghradam a bhaint amach.

In 2016, bhronn QQI breis agus 280,000 gradam ar fhoghlaimeoirí a raibh réimse cláir oideachais agus oiliúna ag gach leibhéal den CNC curtha i gcrích acu. Is ar leibhéal 5 an CNC a bronnadh an chuid is mó de na gradaim. Eisíodh beagnach 170,000 teastas do mhic agus d'iníonacha léinn a raibh cláir curtha i gcrích acu go rathúil sa bhreisoideachas agus sa bhreisoiliúint nó a raibh cúrsaí iar-Ardteistiméireachta curtha i gcrích acu.

### Bealaí isteach san ardoideachas

Tríd an Scéim Nascanna Ardoideachais, tá deis ag foghlaimeoirí teacht i dtír ar mhórghradam leibhéal 5 nó 6 de chuid QQI sa bhreisoideachas nó sa bhreisoiliúint atá bainte amach acu chun cur isteach, tríd an Lár-Oifig Iontrála, ar áit ar chúrsa ardoideachais. Tá cláir as a mbronntar mórghradaim 5 agus 6 ar fáil trí sholáthróirí a bhfuil a gcláir dearbhaithe ag QQI. Féach an tEolaire Soláthróirí agus Clár in QSearch le teacht ar shonraí na gclár oideachais agus oiliúna. **Tugtar ar aird gur gá d'fhoghlaimeoirí iarratas a chur isteach go díreach chuig na soláthróirí le haghaidh áite ar chlár.**




\*Ní hann níos mó do na forais cháiliúcháin FETAC agus HETAC. Aithnítear go fóill gradaim CNC bronnta ag na hiarfhorais cháiliúcháin seo.

## An Creat Náisiúnta Cailíochtaí

Táimid freagrach as an gCreat Náisiúnta Cailíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil agus a fhorbairt. Is creat 10 leibhéal é an CNC ina bhfuil cuid mhór cineálacha agus méideanna éagsúla cailíochtaí a bhíonn á gcur ar fáil ag soláthróirí oideachais in Éirinn. Áirítear ar na cailíochtaí sa CNC:

- an Teastas Sóisearach agus an Ardeistiméireacht
- na teastais, dioplómaí agus céimeanna a bhíonn á gcur ar fáil ag ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus coláistí príobháideacha ardoideachais
- na cailíochtaí breisoideachais agus breisoiliúna (gradaim bhreisoideachais) a bhíonn á gcur ar fáil ag coláistí agus a bhíonn á rith ag na Boird Oideachais agus Oilúna.

Tá sé mar dhualgas orainne caighdeán na gcailíochtaí sa CNC a shocrú, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint ag foghlaimeoirí, ag fostóirí agus ag an bpobal mór ar an CNC. Cuidíonn an CNC le daoine cailíochtaí éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile. Ag éirí as sin, bíonn fáil acu ar fhostaíocht agus ar dheiseanna oideachais agus oilúna.



### COMHLACHTAÍ DÁMHACHTANA

- Déanann Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann (an QQI) dámhachtainí sa bhreisoideachas, san ardoideachas agus san oiliúint
- SEC - Coimisiún na Scrúduithe Stáit (An Roinn Oideachais agus Scileanna)
- Institiúidí Teicneolaíochta
- Ollscoileanna

### DÁMHACHTAINÍ SA CHREAT

Ceithre chineál dámhachtana atá sa Chreat Náisiúnta Cailíochtaí

- **Mórdámhachtainí:** is iad na dámhachtainí seo, atá tugtha sna fáinní lasmuigh, an príomhaicme dámhachtainí a dhéantar ar leibhéal ar bith
- **Miondámhachtainí:** bronntar iad seo as toradh le haghaidh Mórdámhachtana a bhaint amach go páirteach
- **Dámhachtainí Forlíontacha:** bronntar iad seo as foghlaim atá sa bhreis ar Mhórdámhachtain
- **Dámhachtainí Sainchuspóra:** bronntar iad as foghlaim réasúnta cúng nó as foghlaim sainchuspóra



## An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí – an Eoraip agus níos faide ar shiúl


### Creata Cáilíochtaí na hEorpa

Tá comhthéacs níos leithne Eorpach le CNC na hÉireann. Is féidir cáilíochtaí CNC na hÉireann a chur i gcomparáid go héasca le cáilíochtaí i dtíortha eile na hEorpa trí úsáid a bhaint as Creat Cáilíochtaí na hEorpa a bhfuil 8 leibhéal ann. Trí sin a dhéanamh, is féidir le foghlaimoirí a chinntiú go n-aithneofar a n-éachtaí oideachais agus oiliúna sa bhaile agus thar lear araon.

Le tuilleadh eolais a fháil ar an ngaolmhaireacht idir na creata náisiúnta agus na creata Eorpacha, féach an léaráid idirghníomhach de chreata ar ár suíomh gréasáin.

Is é is aidhm le Limistéar Eorpach an Ardoideachais comhoibriú idir córais, institiúidí, baili foirne aonair agus mic agus iníonacha léinn ar fud na hEorpa a éascú.

Tá CNC na hÉireann inchurtha leis an gCreat Cáilíochtaí (CC) le haghaidh Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA). Ciallaíonn sé sin go bhfuil cáilíochtaí ardoideachais agus ardoiliúna ó Éirinn ag teacht le cláir bhaitisiléara, mháistreachta agus dhochtúireachta Limistéar Eorpach an Ardoideachais.



- CNC
- EQF
- QF-EHEA

Creat Náisiúnta Cáilíochtaí  
European Qualifications Framework / Creata Cáilíochtaí na hEorpa  
Qualifications Framework for the European Higher Education Area / gCreat Cáilíochtaí le haghaidh Limistéar Eorpach an Ardoideachais

## Aitheantas

### Aithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn – NARIC

Bíonn an tlonad Náisiúnta Faisnéise um Aithint Acadúil (an tlonad / NARIC) á óstáil ag QQI. Cuireann an tlonad comhairle ar fáil saor in aisce faoi aithint cáilíochtaí eachtracha in Éirinn.

Tá sonraí faoi bheagnach 900 cáilíocht i mbreis agus 60 tír ar [bhunachar sonraí cáilíochtaí](#) an Ionaid. Tá an t-eolas a chuirimid ar fáil úsáideach go háirithe do chláraitheoirí, d'oifigigh riaracháin, d'oifigigh idirnáisiúnta agus d'fhostóirí a bhíonn ag plé le hiarratasóirí as tíortha eile maidir le cláir oideachais agus oiliúna nó deiseanna fostaíochta in Éirinn.



Tugaimid comhairle ar líne i bhfoirm Ráiteas Inchomparáideachta, ina gcuirtear an cháilíocht eachtrach i gcomhthéacs an chóras oideachais agus oiliúna in Éirinn. Le tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhís an Ionaid, gabh chuig [www.naric.ie](http://www.naric.ie)

### Aithint cáilíochtaí Éireannacha thar lear

Más mian leat go n-aithneofar do cháilíocht Éireannach thar lear, ba chóir go mbeadh ort teagmháil a dhéanamh leis na heagrais a leanas:

- An oifig áitiúil [ENIC-NARIC](#) (maidir le cáilíochtaí ardoideachais agus ardoiliúna - mar shampla, céimeanna leibhéal 7 agus leibhéal 8 sa CNC)
- An Oifig Náisiúnta áitiúil [Pointe Tagartha](#) (maidir le breisoideachas agus breisoiliúint - mar shampla, teastas breisoideachais leibhéal 5 nó Ardteastas leibhéal 6 sa CNC)

Is féidir leat teacht ar eolas úsáideach freisin ar [www.europass.ie](http://www.europass.ie).

Tionscnamh Eorpach é seo atá óstáilte ag QQI a chuidíonn leat do chuid cáipéisí a eagrú chun do scileanna agus cáilíochtaí a chur i láthair sa dóigh go dtuigtear go réidh iad san Eoraip agus níos faide ar shiúl. Beidh cáipéisí amhail na Forlíonta Dioplóma agus Teastais ina gcuidiú agat.





QQI

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

## Oideachas Idirnáisiúnta

### Cód Cleachtais do sholáthróirí a chuireann cúrsaí ar fáil d'fhoghlaimoirí idirnáisiúnta

De réir an dlí, tá ceanglas orainn “Cód Cleachtais maidir le Soláthar Cláir Oideachais agus Oiliúna d’Fhoghlaimoirí Idirnáisiúnta” (an Cód) a dhéanamh. Leagtar amach sa Chód seo na súilíochtaí againn maidir le cáilíocht na seirbhísí agus na dtacaíochtaí a chuirtear ar fáil d’fhoghlaimoirí idirnáisiúnta in Éirinn. Rialaítear sa Chód go gcaithfidh soláthróirí déanamh de réir [Ráiteas London](#) – cód eitice atá le cur i bhfeidhm agus soláthróirí ag plé le gníomhairí earcaíochta oideachais idirnáisiúnta.

Cuirtear béim sa Chód Cleachtais ar na réimsí seo a leanas a gcaithfidh soláthróirí díriú orthu:

- Riachtanais ghinearálta, lena n-áirítear socruithe chun foghlaimoirí cláraithe a chosaint.
- Cleachtais mhargaíochta, earcaíochta agus iontrála
- Táillí, aisíocaíochtaí agus cothabháil
- Tacaíochtaí agus seirbhísí d’fhoghlaimoirí idirnáisiúnta

Caithfidh soláthróirí atá ag rith clár (cúrsaí) le haghaidh foghlaimoirí idirnáisiúnta déanamh de réir an Chóid más mian leo go ndéanfaidh QQI na cláir seo a fhaomhadh. Molaimid do bhaill foirne na soláthróirí eolas a chur ar an gCód agus ar na riachtanais atá ag foghlaimoirí idirnáisiúnta.

### An Marc Oideachais Idirnáisiúnta (IEM)



Tá QQI údaraithe leis an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a bhronnadh ar sholáthróirí faofa a chuireann cúrsaí Béarla agus cúrsaí ardoideachais agus ardoiliúna ar fáil do mhic agus d’iníonacha léinn idirnáisiúnta.

Leis an Marc a fháil, bíonn ar choláistí gnáthaimh dearbhú cáilíochta a bhunú ar dtús. Caithfidh na gnáthaimh sin a léiriú go bhfuil soláthróir in ann cáilíocht an oideachais, na hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara do gach foghlaimoir a fhorbairt, a chothabháil agus a fheabhsú. Caithfidh soláthróirí a léiriú go bhfuil siad ag déanamh de réir an Chód Cleachtais (féach thuas) freisin.

Tá reachtaíocht á hathbheithniú faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ionas go mbeidh sí in ann an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a thabhairt isteach. Foilseoidh QQI eolas faoi thabhairt isteach an Mharc nuair a bheidh sé ar fáil.



**QQI**

Quality and Qualifications Ireland  
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann



26/27 Lána Denzille  
Baile Átha Cliath 2  
D02 P266  
Éire  
g +353 (0) 1 905 8100

[www.QAI.ie](http://www.QAI.ie)